



Cumann Peile Naomh Anna

Leitir Móir, Co. na Gaillimhe

Seo an t-ochtú eagrán den nuachtlitir ina ndéanfar cur síos ar ghnóthaí Reatha sa gcumann chomh maith le scéalta suimiúla a bhaineann leis an gclub. Tá súil againn an nuachtlitir seo a fhoilsiú go rialta agus é a chur ar fáil daoibhse, pobal an Chumainn Peile. Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, bígí i dteagmháil linn ag nuachtlitir@naomhanna.ie

Nuachtlitir: Eagrán 8

Mí na Nollag

I mbun cainte leis an mbainisteoir



Tar éis bua iontach in aghaidh Ghaeil Mhaigh Eo, labhair muid le bainisteoir na foirne Ciarán Óg Ó Flátharta

“Tá muid ríméadach tar éis an bhua. Bhí sé iontach uilig. Ní chreidfeá an méid tacaíochta a fuair muid agus bhí sé iontach. Tá obair aisteach curtha isteach ag gach duine ó thús na bliana agus nach iontach an rud é go bhfuil muid i gCluiche Ceannais Chonnacht”.

“Ag breathnú siar ar an gcluiche, bhí mé an-sásta leis an gcaoi ar aimsigh muid cúil agus leis an gcaoi ar chruthaigh muid na cúil. Bhí an chosaint an-mhaith agus d’airigh mé go raibh muid an-aclaí, go háirithe sa deich nóiméad deireanach in am breise. Bhí an chuma orainn go raibh muid ag éirí níos láidre agus cuma níos tuirsiúla ag teacht ar an bhfoireann eile”

“Ní raibh mé in ann breathnú nuair a fuair siad cúl sna soicindí deireanacha den chluiche”.

Fuair Gaeil Mhaigh Eo cúl ach níor ceadáíodh é mar go raibh imreoir sa chearnóg acu agus ba fhaoiseamh mór é do Naomh Anna Leitir Móir nach ndeachaigh sé suas ar chlár an scóir. “Buíochas le Dia níor ceadáíodh é mar bheadh sé uafásach an cluiche a chailleadh mar sin”.

Beidh briseadh beag ag na himreoirí thar an Nollaig mar go bhfuil an cluiche ceannais socraithe don 8ú Eanáir i Staid an Phiarsaigh. “Beidh cead ag na leaids taitneamh a bhaint as an Nollaig cinnte, ach beidh muid ar ais faoi lán tseoil ag tús mhí Eanáir”. Bainigí taitneamh as a Leaids ach ná téigí thar fóir!

I mbun cainte leis an gCaptean

“Ní raibh mé chomh sásta riamh agus a bhí mé ag an fheadóg dheireanach” a dúirt Ciarán Bairéad, captaen na foirne. “Cheap mé go raibh sé iomlán thart leis an gcúl ag deireadh an 60 nóiméad ach buíochas le mac Dé, bhí duine sa chearnóg nuair a fuair siad an cúl agus déanadh cinneadh gan cúl a bhronnadh orthu”

“Bhí a fhios agam go raibh muid in ann é a bhuachaint in am breise mar bhí muid ag imirt go maith agus bhí muid ag feabhsú de réir mar a bhí an t-am breise ag dul ar aghaidh”

“Bhí an tacaíocht ón bpobal dochreidte. Ar son na foirne agus na bainistíochta, ba mhaith liom buíochas mór a ghlacadh le gach duine a chuaigh ann chun tacaíocht a thabhairt dúinn. Tugann sé spreagadh dúinn agus is mór an cúnamh sibh uilig”

“Tá muid ag súil go mór leis an gcluiche ceannais ar an 8ú Eanáir in aghaidh Naomh Flaitheach as Ros Comáin. Aon fhoireann a théann chomh fada leis an gcluiche ceannais, is foireann maith iad. Imríonn na deatháireacha Ciarán, Diarmuid agus Brian Murtagh leo agus tá taithí idirchontae acu le Ros Comáin. Ní bheidh sé éasca ach tá muid ag súil go mór leis”

Is i Staid an Phiarsaigh a bheas an cluiche agus tosnóidh sé ag 1.30i.n. Míle buíochas a leaids as an sár-iarracht atá déanta agaibh go dtí seo. Bíodh Nollaig mhór mhaith agus shábháilte agaibh agus beidh muid ann arís le tacaíocht a thabhairt daoibh sa bhliain



Naomh Anna, Leitir Móir i gConnacht

Tar éis an éacht a rinne an fhoireann Idirmheánach Craobh na Gaillimhe a thabhairt leo i mbliana, cuireadh tús lena bhfeachtas i gCraobh Chonnacht ar an Satharn, 27 Samhain, leis an turas fada suas go dtí Páirc CLG Sheáin Uí Eislín i mBéal an Áth Mhóir i gContae Liatroma chun aghaidh a thabhairt ar Naomh Pádraig, Droim Dhá Thiar. Athrú amháin a bhí ar an bhfoireann a chuaigh chun páirce seachas an ceann a thosaigh i gcluiche ceannais na Gaillimhe nuair a thosaigh Darren Seoige in áit Éamoin Uí Loingsigh, a bhí gortaithe, do leaids na nOileán. Chuir seaimpíní Liatroma tús lasrach leis an gcluiche agus bhí siad 0-3 le 0-1 chun cinn tar éis deich nóiméad, pointe Naomh Anna, Leitir Móir ag teacht ó Mhaitias Eoin Bairéad. Ach díreach roimh an gcéad briseadh uisce, chuir cúl iontach ó bhróg Aonghus Uí Fhátharta na foirne ar comhscór, 1-1 le 0-4. As sin go leathama, ghlac fir na nOileán smacht iomlán ar an gcluiche agus fuair siad cheithre phointe ó Warren Seoige, Oisín Mac Donnacha, Aonghus Ó Fhatharta agus Christopher Seoige le cur leis an gcúl a scóráil Warren cúig nóiméad roimh an mbriseadh, agus iad ag dul isteach sna seomraí feistis 2-5 le 0-4 chun cinn.

Ní raibh ach foireann amháin ann sa dara leath. Níor scóráil fir Dhroim Dhá Thiar ach pointe amháin sa dara tréimhse agus bhí leaids Naomh Anna, Leitir Móir i gceannas ar fud na páirce. Chuir siad ocht bpointe eile ar clár na scór sa dara leath, péire ó Oisín Mac Donnacha, péire eile ó Dylan Seoige, ceann ó Iarla Ó Curraoin agus ceann an duine ó na fir ionaid Eoin Ó Fhatharta, Tomás Ó Curraoin, Kasey Ó Ceallaigh chun an scór a fhágáil ar 2-13 le 0-5 ag deireadh na himeartha. An t-aon imní a bhí ar bhainisteoirí Naomh Anna, Leitir Móir agus iad ag fágáil Bhéal an Áth Mhóir ná na gortuithe a bhain d'Aonghus Ó Fhatharta agus Iarla Ó Curraoin.

Bhí an cluiche leathcheannais i gcoinne Gaeil Mhaigh Eo, seaimpíní Mhaigh Eo, i Staid an Phiarsaigh ar an Satharn, 11 Nollaig. Bhí Éamon Ó Loingsigh in ann tosú sa gcluiche seo agus thóg sé áit Aonghus Ó Fhatharta sa líne lántosaithe agus thosaigh Liam Ó Máille in áit Darren Seoige. Bhí cóir na gaoithe ag Gaeil Mhaigh Eo sa gcéad leath agus bhí siad cheithre pointe chun cinn ag an sos uisce, 0-4 agus leaids na nOileán fós folamh. Sna cúig nóiméad tar éis an sos uisce bhí athrú mór ar chlár na scór mar gur cuireadh an liathróid in eangach fhir Mhaigh Eo faoi dhó, an chéad cheann ó Oisín Mac Donnacha sa 16ú nóiméad agus an dara ceann ó Mhaitias Eoin Bairéad agus 21 nóiméad caite ar an gclog, iad chun cinn anois 2-0 le 0-4. Ach idir sin agus leathama throid fir Ghaeil Mhaigh Eo ar ais agus fuair siad cheithre pointe eile gan fhreagra chun iad a chur dhá phointe chun cinn agus dhá nóiméad am cúitimh fógartha ag an réiteoir. Tharraing pointe Warren Seoige an farasbarr ar ais go dtí aon phointe amháin agus na foirne ag tabhairt aghaidh ar na seomraí feistis, 2-1 le 0-8.

Bhí an chóir ag Naomh Anna, Leitir Móir sa dara leath ach siad Gaeil Mhaigh Eo a bhí in uachtar agus chuir siad trí phointe eile ar chlár na scór chun iad a chur cheithre pointe chun cinn ag an sos uisce, 2-1 le 0-11. Ní raibh rudaí ag breathnú go maith d'fhir na nOileán ag an tráth seo ach choinnigh siad ag imirt leis an bplean imeartha a sheas leo i roinnt mhaith cluichí i mbliana, ag pasáil na liathróide ag a chéile go dtí go raibh deis scórála acu. Laghdaigh pointí ó Iarla Ó Curraoin agus Warren Seoige an farasbarr sin go dtí dhá phointe sular cuireadh Evan Ó Flátharta den pháirc tar éis dó a dhara cárta buí a phiocadh suas. Laghdaigh pointe Éamoin Uí Loingsigh é sin go dtí aon phointe amháin ach nuair a fuair Gaeil Mhaigh Eo cúl agus gan fágtha le himirt ach cúig nóiméad chun iad a chur cheithre phointe chun cinn arís, ní raibh mórán sa lucht féachana a cheap go mbeadh muid ag tabhairt aghaidh ar Staid an Phiarsaigh ag tús na hathbhliana do Chluiche Ceannais Chonnacht. Ach rud amháin atá ag an bpainéal seo ná spiorad agus níl aon fhaitíos ar na bainisteoirí na hathruithe a dhéanamh nuair a theastaíonn siad. Chuir siad Ferdia Breathnach chun páirce in áit Dylan Seoige agus bhí an-tionchar ag Ferdia ar thoradh an chluiche seo. Fuair sé dhá phointe iontach as ciceanna saor agus nuair a scóráil Éamon Ó Loingsigh dhá phointe in am cúitimh chun na foirne a fhágáil ar comhscór, 2-8 le 1-11, bhí muid ag réiteach d'am breise. Ach bhí ionsaí amháin eile fágtha i bhfir Mhaigh Eo agus chuir siad liathróid ard isteach i dtreo cúl Chonamara. Bhuail an liathróid an maide trasna agus rug lántosaí Ghaeil Mhaigh Eo, Seán Ó Gallchóir, uirthi agus bháigh sé san eangach í. Bhí an chuma ar an scéal go raibh briseadh croí i ndán do mhuintir na nOileán ach chuaigh an réiteoir Ronan Hynes as Liatroim isteach le labhairt leis na maoir cúil agus cuireadh an cúl ar ceal de bharr gur imirt nua a bhí ann nuair a tháinig an liathróid amach ón maide trasna, rud a chiallaigh go raibh Ó Gallchóir ina sheasamh istigh sa gcearnóg beag nuair a rug sé ar an liathróid. Bhí osna throm faoisimh le cloisteáil ó lucht tacaíochta na nOileán agus an fheadóg deiridh séidte ag an réiteoir chun an cluiche a chur isteach in am breise.

Chuir Naomh Anna, Leitir Móir tús spleodrach leis an am breise agus bhí siad cheithre phointe chun cinn tar éis trí nóiméad, a bhuíochas do phointe ón gcaptaen Ciarán Bairéad agus cúl iontach ó Laoch na hImeartha, Éamon Ó Loingsigh agus de léim bhí siad cheithre phointe chun cinn agus an imirt go maith. Bhabhtáil na foirne trí phointe an taobh idir sin agus deireadh na himeartha, scóranna Naomh Anna, Leitir Móir ag teacht ó Éamon Ó Loingsigh le péire agus ceann ó Eoin Ó Fátharta chun an scór deiridh a fhágáil ag 3-12 le 1-14.

Casfaidh Naomh Anna, Leitir Móir le seaimpíní Ros Comáin, Naomh Flaithleach, i gcluiche ceannais Chraobh Idirmheánach Chonnacht i Staid an Phiarsaigh ar an 8ú lá d'Eanáir 2022.



Dath isteach Suaitheantas an Chumainn



CLÁR AMA RANGANNA ACLAÍOCHA Eanáir

Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadain	Déardain	Dé hAoine		Dé Sathairn	Dé Domhnaigh
POWER HALF HOUR 9.30-10.00	RPM SPIN 7.00AM	BODYCOMBAT 9.30-10.00	SPIN 7.00AM		9.00-9.30	SPRINT	SPIN
SPRINT 10.05-10.35		SPRINT 10.05-10.35	SPIN 9.30-10.00		9.35-10.35	PILATES	POUND
ZUMBA 10.40-11.10		PILATES 10.40-11.40	KETTLEBELL HIT 10.05-10.35		10.40-11.25	BODY-COMBAT	
	GRIT STRENGTH 6.30-7.00		GRIT CARDIO 6.30-7.00				
BODYPUMP 6.30-7.15	ABS 7.05-7.35	BODYPUMP 6.30-7.15	ABS 7.05-7.35	BODYPUMP 6.30-7.15			
SPIN 7.20-7.50	SPRINT 7.40-8.10	SPIN 7.20-7.50	SPRINT 7.40-8.10	SPIN 7.20-7.50			
POUND 7.55-8.40	BODYCOMBAT 8.15-9.00		BODYCOMBAT 8.15-9.00	POUND 7.55-8.40			



Sportlann

NUTRITIONAL COACHING PLAN LE

SAOIRSE BEATHA
NUTRITION CONSULTATION

12 WEEK NUTRITION PLAN

- ✓ INITIAL CONSULTATION
- ✓ DIETARY REVIEW
- ✓ NUTRITION PLAN
- ✓ 1 WEEKLY TOUCH POINT VIA WHATS APP
- ✓ HALFWAY REVIEW SESSION (WEEK 6)
- ✓ FINAL REVIEW SESSION (WEEK 12)

CUIR TÚ MAITH LE 2022
LE PLEAN COHAITHÉ LE SAOIRSE
& PLEAN ACLAIÓCHTA ON SPORTLANN

Eolas ar fad ag TEL: 091551693

WWW.SPORTLANNBOOKING.COM

GIOM, SAUNA, SEOMRA GÁILE,
HALLA SPÓIRT ÍMEACHTAI GASÚIR
SEOMRA CRUINNITHE



RANGANNA
ACLAIOCHTA



LUAN-AOINE
10-10
DÉ
SATHAIRN
10-6 &
DOMHNAIGH
10.00-4.00

7
LÁ

12 WEEK HEALTH & FITNESS PROGRAM

RESOLUTION PROGRAM

INITIAL CONSULTATION
HEALTH & FITNESS PROGRAM CATERED FOR YOU
1 WEEKLY TOUCH POINT WITH TRAINER VIA WHATS APP
HALFWAY REVIEW SESSION (6 WEEKS)
FINAL REVIEW SESSION (12 WEEKS)

KICK
START
2022



TEL: 091551673 / WWW.SPORTLANNBOOKING

www.sportlannbooking.com

RANGANNA
ACLAIOCHTA

- * LES MILLS GRIT STRENGTH
- * STEP & TONE
- * LES MILLS BODYCOMBAT
- * LES MILLS BODYPUMP
- * POUND
- * LES MILLS SPRINT
- * SPIN
- * KETTLEBELLS
- * PILATES

TUILLEADH EOLAS

091 551673
0874265314

SPÓRTLANN NAOMH ANNA
SPORTLANNBOOKING@GMAIL.COM

Drive Thru na Nollag

An Leabhbh Íosa sa Stábla



Le bliain dhúshlánach eile ag teacht chun deiridh dúinn ar fad bhí an-áthas orainn go bhfaca muid sibh go léir tráthnóna Dé hAoine. Bhíomar chomh sásta fáilte a chur roimh na páistí ar fad.

Mar is gnách ní bhíonn muid riamh inár n-aonar sna himeachtaí seo agus bhí an bhliain seo mar an gcéanna, grúpa mór daoine agus comhoibriú. Leis sin tá buíochas ó chroí ag gabháil do mhaor agus rannpháirtithe Scéim Fostaíochta Pobail Cheantar na nOileán, Údarás na Gaeltachta. Nioclas Ó Conchubhair Homevalue Hardware & Euronics Store, Feeney Feeney Golden Grill, DD Catering, Socos Teo., Tigh Liam.

Buíochas leis an gcór agus na damhsóirí, le chuile a bhí sa mainséar, maoir thráchtá, le chuile dhuine a thug maisiúcháin, ainmhithe, le baill an Chumann Peile agus gan amhras réalt an tseó Daidí na Nollag, Mrs Claus agus na Elves.

Buíochas mór ó chroí libhse ár bpobal a tháinig amach agus a thugann tacaíocht dúinn i gcónaí bhí muid thar a bheith sásta sibh a fheiceáil. Guímid Nollaig Shona oraibh go léir agus fanaigí slán sábhailte. – Foireann na Spórtlainne



An Cór



Daidí na Nollag & Mrs. Claus



Naomh Anna Leitir Móir

R A P E Y I D G T R E H A Z U Q R U K K
 A B L P S X T K C I G J P N I T Z R C W
 M H N V B G I Q Y O E L O D G A Y V D A
 C L C O B C I G S M T I I E Q X E D M G
 F O S A N N A R L R N O V W Z E L U J F
 Q S S G L X P Z Q I I W C H J U I H A I
 C N O D N E E L T T O Z I V F N Z S C W
 N E Q Y I E A I E I P E P Y I K A A X F
 O W S E O Y C H C E L W E N M M U K W F
 D A S T N T M U G L U T W Q I H L V W R
 C I K T U I Y V U L J W A J S S N M M S
 U M D E A B J K D V I L B J N A J A U N
 L L X L E X U T Y M D E B D E T V N N L
 F A S I Z H T Z G H T X P F A R E O R A
 R A R P J Y J B Y N Q F H M C O B R G Y
 P R O O L F O S F H O K M U H M D N Q B
 A U A S I N G C F E N F M L S U V Z N A
 W A L T Z Z D E W N E K S Q U K W I P T
 N J I A V R B N A O M H A N N A V S W M
 R D G I U G F W Q P A F D A F D J G Q V

MUININ	MISNEACH	PEILGHAELACH	PASLAIMHE
POSTAI	POINTE	LEITIRMOIR	CUL
NAOMHANNA	MORTAS		

Tús maith leath na hoibre!

Droichead ar loch gan mhaide, gan chloch.

Giorraíonn beirt bóthar!

Níl sé amuigh ort, níl sé istigh ort, tá sé ort is ní trom leat é.

Is fear an tsláinte ná an táinte!

Bhí sí mí aoise d'aois nuair a rugadh Maois is níl sí ach mí ó shin.

Cén litir atá chun an corn a bhuachan?



FREAGRA : _____

Cruinniú Cinn Bliana

Beidh Cruinniú Cinn Bliana Chumann Peile Naomh Anna Leitir Móir ar siúl ar an 14 Eanáir @ 7.30 ar Zúm. Ba bhreá linn sibh a fheiceáil ann. Ní neart go cur le chéile agus bliain mhór amach romhainn ag fáil faoi réir do Chomórtas Peile na Gaeltachta taobh istigh de chúpla mí. Roinnfear nasc Zúm ar dhaoine a bhfuil suim acu a bheith i láthair níos gaire den am. Ag siúl sibh uilig a fheiceáil!

zoom

AGM CPNA

Oíche Shóisialta Chumann Peile Naomh Anna



Is trua linn a rá de bharr srianta covid-19 agus cásanna ag dul in olcas chuile lá go mbeidh orainn Oíche Shóisialta Chumann Peile Naomh Anna a chur ar ceal go fóill, bhí sé beartaithe a bheith againn ar an 28 Nollaig ach roinnfear an dáta nua ar na baill ar fad nuair a bheidh a leithéid againn, seans maith go mbeidh sé amach sa mbliain nua nuair a bheas cúrsaí níos fearr arís.

Beannachtaí ón gCumann Peile

Tá deireadh na bliana tagtha agus an-bhliain arís ag foirne an Chumainn Peile agus muid anois ar an gceathrú cumann sa gcontae le foirne Mná agus Fir ag leibhéal sinsir. Ní gan iarracht a thárlaíonn sé seo agus an síol á chur don dul chun cinn seo le blianta fada anois, forbairt mhór déanta le foirne faoi aois agus imreoirí, idir chailíní agus bhuachaillí, ag gach grád aoise ag dul chun páirce.

Gabhann an coiste buíochas ó chroí le chuile dhuine a thug cúnamh i mbliana, iad siúd a bhí ag obair le foirne, daoine a bhí ag obair nó ag tabhairt cúnamh timpeall na páirce, daoine a bhí ag obair linn ar fho-choistí agus pobal an chumainn peile uilig ag baile agus i gcéin a thugann tacaíocht i gcónaí.

Guíonn muid Nollaig mhór mhaith oraibh agus gach ádh agus rath don bhliain nua romhainn. Go mbeirimid beo ar an am seo arís le cúnamh Dé.



Nollaig Shona agus
Athbhliain faoi mhaise!

Lean muid ar na meáin shóisialta nó bíonn go leor eolais ar fáil ar an suíomh

www.naonhanna.ie

Tá muid ar:

